# An tEarrach Thiar – *le Máirtín Ó Direáin.*

## Téama:

Baineann an dán seo le nósanna an tsaoil in iarthar na hÉireann nuair a bhí an file óg. Déanann an file cur síos ar a áit dhúchais san earrach fadó. Feicimid a chuimhní ar an dóigh a chaith muintir Árann laethanta an earraigh sular fhág sé an t-oileán nuair a bhí sé ocht mbliana déag d'aois. Smaoinigh sé ar shaol an oileáin go minic, agus bhí cumha air i ndiaidh an bhaile. Feicimid maoithneachas go paiteanta sa dán seo. Is cuimhin leis an fhile na radharcanna agus na fuaimeanna a bhain leis an tseansaol.

## Íomhánna: Tarraingíonn na híomhánna na céadfaí.

**Le cloisteáil:**
- Fuaimeanna an fhir ag rómhar,
- Fuaimeanna na máidí rámha.

**Le feiceáil:**
- An fheamainn ag lonrú,
- Scáilí na mban san uisce,
- Currach lán d'éisc ag teacht chun cladaigh,
- Solas na gréine agus í ag dul faoi ar an uisce ciúin.

## Mothúcháin:

Is iad uaigneas, meas, agus grá na mothúcháin a mhúsclaíonn an dán seo ionam. Is léir go bhfuil cumha agus uaigneas ar an fhile i ndiaidh an tsaoil san iarthar. Thaitin saol an oileáin go mór leis, agus ní raibh sé tugtha do shaol na cathrach. B'fhearr leis bheith sa bhaile i measc a dhaoine féin. Tá meas ag an fhile ar mhuintir an oileáin – Feicimid fir agus mná ag obair go dian agus go hionraic. Gan amhras tugann sé léargas idéalaíoch, rómánsúil dúinn. Is áit dhraíochta, speisialta í i súile an fhile.

## Barúl:

Is aoibhinn liom an dán seo, mar tá na híomhánna gleoite ar fad. Déanann an file cur síos maoithneach ar an earrach in iarthar na hÉireann. Is léir go bhfuil grá mór aige dá áit dhúchais. Feicimid sin sna híomhánna áille den áit: Sa chéad véarsa, fear ag obair le troitheán ar fheirm. Sa dara véarsa, fear ag caitheamh cliabh lán le feamainn ar an trá. Sa tríú véarsa, mná ag bailiú feamainne i linnte ar an trá. Agus sa véarsa deireanach, currach lán d'éisc ag teacht i dtír. Pléann an dán ábhar éadrom, taitneamhach agus tá síocháin agus suaimhneas ag baint leis na híomhánna áille. Is dán dea-scríofa é, le stíl shimplí a thaitníonn leis an léitheoir.